Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2020
(OR. en)

9980/20

LIMITE

CADREFIN 186
RESPR 48
POLGEN 129
FIN 518
CODEC 700

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0136 (COD)**

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh chun go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint |

**RIALACHÁN (AE) 2020/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe pointe (a) d'Airteagal 322(1) (a) de,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ón gCúirt Iniúchóirí[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2]

---

[1] IO C 291, 17.8.2018, lch. 1.
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an …. Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na ndaoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Mar a mheabhraítear in Airteagal 2 CAE, is comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

(2) Sna conclúidí uaithi an 21 Iúil 2020, dúirt an Chomhairle Eorpach go bhfuiltear chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta atá leabaithe sna Conarthaí, go háirithe na luachanna a leagtar amach in Airteagal 2 CAE. Ina theannta sin, chuir sí i dtreis go láidir a thábhachtaí atá sé leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus a thábhachtaí atá sé an smacht reachta a urramú.

(3) Leis an smacht reachta, ceanglaítear go gníomhaíonn na cumhachtaí poiblí uile laistigh de na srianta atá leagtha amach le dlí, i gcomhréir le luachanna an daonlathais agus le hurraim na gceart bunúsach, mar a shonraítear sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an "Chairt"') agus in ionstraimí eile is infheidhme, agus faoi rialú ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta. Ceanglaítear leis, go háirithe, go ndéanfar prionsabail na dlíthiúlachta[1], arb é a thugtar le tuiscint léi gurb ann do phróiseas déanta dlí trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla[2]; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin[3]; prionsabal na cosanta éifeachtaí breithiúnaí, lena n-áirítear an rochtain ar cheartas, ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta[4]; agus prionsabal scaradh na gcumhachtaí[5], a urramú[6].

---

1 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 29 Aibreán 2004, CAS Succhi di Frutta, C-496/99 P, ECLI:EU:C:2004:236, mír 63.

2 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 12 Samhain 1981, Amministrazione delle finanze dello Stato v Srl Meridionale Industria Salumi agus daoine eile Ditta Italo Orlandi & Figlio agus Ditta Vincenzo Divella v Amministrazione delle finanze dello Stato. Cásanna uamtha 212 go 217/80, ECLI:EU:C:1981:270, mír 10.

3 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 21 Meán Fómhair 1989, Hoechst, Cásanna uamtha 46/87 agus 227/88, ECLI:EU:C:1989:337, mír 19.

4 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 27 Feabhra 2018, Associação Sindical dos Juízes Portugueses v Tribunal de Contas C-64/16, ECLI:EU:C:2018:117, míreanna 31, 40-41; breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 25 Iúil 2018, LM, C-216/18 PPU, ECLI:EU:C:2018:586, míreanna 63-67.

5 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, Kovalkovas, C477/16, ECLI:EU:C:2016:861, mír 36; Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 10 Samhain 2016, PPU Poltorak, C- 452/16, ECLI:EU:C:2016:858, mír 35; agus Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 22 Nollaig 2010, DEB,C-279/09, ECLI:EU:C:2010:811, mír 58.

6 Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *A new EU Framework to strengthen the Rule of Law* [Creat AE nua chun an Smacht Reachta a neartú], COM(2014)0158 final, Iarscríbhinn I.

(4) Maidir leis na critéir aontachais, a bunaíodh le Comhairle Eorpach Chóbanhávan sa bhliain 1993 agus a treisíodh le Comhairle Eorpach Mhaidrid sa bhliain 1995, is iadsan is coinníollacha bunriachtanacha nach mór do thír is iarrthóir a chomhlíonadh chun teacht chun bheith ina Ballstát den Aontas. Cumhdaítear na critéir sin in Airteagal 49 CAE anois.

(5) A luaithe a thagann tír is iarrthóir chun bheith ina Ballstát, bíonn an tír sin rannpháirteach i struchtúr dlí atá bunaithe ar an réamhleagan bunúsach gur comhluachanna ag na Ballstát uile eile na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, agus aithníonn sé go gcomhroinneann siad iad leis, mar a luaitear in Airteagal 2 CAE. Leis an réamhleagan sin, tugtar le tuiscint go bhfuil iontaoibh fhrithpháirteach idir na Ballstáit go ndéanfar na comhluachanna sin a aithint agus, dá bhrí sin, go n-urramófar dlí an Aontais lena ndéantar iad a chur chun feidhme, agus tugann an réamhleagan sin an bonn cirt leis an méid sin[1]. Ba cheart go leanfadh dlíthe agus cleachtais Ballstát de na comhluachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chomhlíonadh.

(6) Cé nach bhfuil aon ordlathas i gceist le luachanna an Aontais, tá urraim don smacht reachta bunriachtanach chun na luachanna bunúsacha eile ar a bhfuil an tAontas fothaithe a chosaint, luachanna amhail an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas agus an urraim do chearta an duine. Tá dlúthbhaint idir an urraim don smacht reachta agus an urraim don daonlathas agus do na cearta bunúsacha Ní féidir daonlathas agus urraim do chearta bunúsacha a bheith ann gan urraim don smacht reachta, agus vice versa.

---

1 Tuairim 2/13 EU:C:2014:2454, mír 168.

(7) Aon uair a chuireann Ballstáit buiséad an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear acmhainní a leithdháiltear trí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh arna bunú de bhun Rialachán (AE) 2020/…[1+], agus trí iasachtaí agus ionstraimí eile arna ráthú ag buiséad an Aontais, agus gan beann ar an modh cur chun feidhme a úsáideann siad, is réamhchoinníoll bunriachtanach é an urraim don smacht reachta chun prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais atá cumhdaithe in Airteagal 317 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a chomhlíonadh.

(8) Ní féidir le Ballstáit bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú ach amháin má ghníomhaíonn údaráis phoiblí i gcomhréir leis an dlí, má dhéanann seirbhísí imscrúdaitheacha agus seirbhísí ionchúisimh cásanna calaoise, lena n-áirítear calaois chánach, imghabháil cánach, éilliú, agus coinbhleacht leasa nó sáruithe eile ar an dlí a leanúint go héifeachtach, agus más féidir cinntí treallacha nó neamhdhleathacha údarás poiblí, lena n-áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha agus ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

---

1 Rialachán (AE) 2020/… ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L …lch. …).

\+ IO: Cuir an uimhir isteach sa téacs le do thoil agus cuir uimhir agus dáta an Rialacháin atá i ndoiciméad ST 9971/20 (2020/0111(NLE)) san fhonóta a ghabhann leis agus comhlánaigh an tagairt IO.

(9) Ba cheart go ráthófaí neamhspleáchas agus neamhchlaontacht na breithiúnachta i gcónaí, agus ba cheart do sheirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh a bheith in ann a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go cuí. Ba cheart acmhainní agus nósanna imeachta leordhóthanacha airgeadais agus daonna a bhronnadh ar an mbreithiúnacht, agus ar sheirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh le gníomhú go héifeachtach agus ar shlí ina dtugtar lánurraim don cheart chun triail chóir, lena n-áirítear an urraim ar na cearta chun cosanta. Ba cheart breithiúnais chríochnaitheacha a chur chun feidhme go héifeachtach. Tá na coinníollacha sin de dhíth mar ráthaíocht íosta i gcoinne cinntí neamhdhleathacha treallacha de chuid údaráis phoiblí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais.

(10) Glactar leis go háirithe, má tá an bhreithiúnacht neamhspleách, go bhfuil an comhlacht breithiúnach lena mbaineann in ann a fheidhmeanna breithiúnacha a fheidhmiú faoi na rialacha ábhartha agus sa chleachtas araon, ar bhealach iomlán neamhspleách, gan a bheith faoi réir ag aon srian ordlathais ná a bheith ina thánaiste ag aon chomhlacht eile, agus gan orduithe ná treoracha a ghlacadh ó aon fhoinse ar chor ar bith, go bhfuil cosaint aige dá bharr ar idirghabhálacha seachtracha nó brú seachtrach a d'fhéadfadh bac a chur ar bhreithiúnas neamhspleách a chomhaltaí agus tionchar a imirt ar a gcinntí. Le ráthaíochtaí maidir le neamhspleáchas agus neamhchlaontacht, tá rialacha de dhíth, go háirithe maidir le comhdhéanamh an chomhlachta agus maidir le ceapachán, fad seirbhíse agus forais lena chomhaltaí a dhiúltú agus a chur as oifig, chun deireadh a chur le haon dabht réasúnach in intinn daoine aonair maidir leis an gcomhlacht sin a bheith beag beann ar thosca seachtracha agus maidir lena neodracht i ndáil leis na leasanna a thugtar os a chomhair.

(11) Tá an urraim don smacht reachta bunriachtanach ní hamháin do shaoránaigh an Aontais, ach tá sí bunriachtanach freisin do thionscnaimh ghnó, don nuálaíocht, don infheistíocht, do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach, agus d'fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh, a mbeidh an borradh is mó fúthu i gcás ina mbíonn creat daingean dlí agus institiúideach i bhfeidhm.

(12) Le hAirteagal 19 CAE, ina léirítear go nithiúil an luach atá leis an smacht reachta a leagtar amach in Airteagal 2 CAE, ceanglaítear ar Bhallstáit cosaint dlí éifeachtach a sholáthar sna réimsí atá folaithe le dlí an Aontais, lena n-áirítear na réimsí sin a bhfuil baint acu le buiséad an Aontais a chur chun feidhme. Is é croí an smachta reachta an t-athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, atá ceaptha chun comhréireacht le dlí an Aontais a áirithiú, a bheith ann, agus tá cúirteanna neamhspleácha de dhíth chuige sin[1]. Tá sé bunriachtanach neamhspleáchas na gcúirteanna a choinneáil, mar atá dearbhaithe sa dara fomhír d'Airteagal 47 den Chairt[2]. Is fíor an méid sin, go háirithe, don athbhreithniú breithiúnach ar bhailíocht beart, conarthaí nó ionstraimí eile a n-eascraíonn caiteachas poiblí nó fiachas poiblí astu, inter alia i gcomhthéacs nósanna imeachta um sholáthar poiblí a fhéadfar a thabhairt os comhair na gcúirteanna freisin.

(13) Dá bhrí sin, tá gaol soiléir idir an urraim don smacht reachta agus cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais.

---

[1] Cás C-64/16, mír 32-36.
[2] Cás C-64/16, mír 40-41.

(14) D'fhorbair an tAontas ionstraimí agus próisis éagsúla lena gcuirtear chun cinn an smacht reachta agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais le haghaidh eagraíochtaí na sochaí sibhialta, Sásra Eorpach an Smachta Reachta agus Scórchlár Ceartais AE, agus is leo sin a thugtar freagairt éifeachtach ó institiúidí de chuid an Aontais ar sháruithe ar an smacht reachta trí imeachtaí um shárú agus an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE. Comhlánaítear na hionstraimí sin leis an sásra dá bhforáiltear sa Rialachán seo trí bhuiséad an Aontais a chosaint ar sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta lena ndéantar difear dá bhainistíocht fónta airgeadais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

(15) Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, go háirithe sáruithe lena ndéantar difear d'fheidhmiú cuí údarás poiblí agus d'athbhreithniú breithiúnach éifeachtach, is féidir leo dochar tromchúiseach a dhéanamh do leasanna airgeadais an Aontais. Is amhlaidh atá i gcás sáruithe aonair ar phrionsabail an smachta reachta agus is fíor sin murab ionann agus riamh i gcás sáruithe forleathana nó a tharlaíonn mar gheall ar chleachtais nó neamhghníomhartha a dhéanann údaráis phoiblí, nó mar gheall ar bhearta ginearálta arna nglacadh ag údaráis den sórt sin.

(16) Tá measúnú cáilíochtúil críochnúil ón gCoimisiún de dhíth chun na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta a shainaithint. Ba cheart an measúnú sin a bheith oibiachtúil, neamhchlaonta agus cothrom agus ba cheart go gcuirfí san áireamh leis faisnéis ábhartha ó na foinsí atá ar fáil agus ó institiúidí aitheanta, lena n-áirítear breithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tuarascálacha ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, an Tuarascáil bhliantúil ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta agus Scórchlár Ceartais AE, tuarascálacha na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF), tuarascálacha Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) de réir mar is ábhartha, agus conclúidí agus moltaí ó eagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear comhlachtaí de chuid Chomhairle na hEorpa amhail Grúpa Stát na hEorpa i gcoinne Éillithe (GRECO) agus Coimisiún na Veinéise, go háirithe seicliosta an smachta reachta dá chuid, agus líonraí Eorpacha na gcúirteanna uachtaracha agus na gcomhairlí a bhíonn ag an mbreithiúnacht. Bheadh an Coimisiún in ann dul i gcomhairle le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha agus le Coimisiún na Veinéise dá mba ghá chun críocha measúnú cáilíochtúil críochnúil a dhéanamh.

(17) Tá gá le bearta faoin Rialachán seo go háirithe i gcásanna nach gceadófaí, le nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais, buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí. Foráiltear le reachtaíocht airgeadais an Aontais agus leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme d'fhéidearthachtaí éagsúla chun buiséad an Aontais a chosaint, lena n-áirítear idirbhristeacha, fionruithe nó ceartuithe airgeadais atá nasctha le neamhrialtachtaí nó le heasnaimh thromchúiseacha sna córais bainistithe agus rialaithe. Ba cheart na bearta atá le glacadh i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta agus an nós imeachta is inleanta le bearta den sórt sin a ghlacadh a chinneadh. Ba cheart a áireamh sna bearta sin íocaíochtaí agus gealltanais a chur ar fionraí, eisíoc na dtráthchodanna nó luath-aisíoc iasachtaí a chur ar fionraí, cistiú faoi ghealltanais reatha a laghdú, agus toirmeasc ar ghealltanais nua a dhéanamh le faighteoirí agus toirmeasc ar ghealltanais nua a dhéanamh maidir le hiasachtaí nó le hionstraimí eile a ráthaítear le buiséad an Aontais.

(18) Ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal na comhréireachta agus na bearta atá le glacadh á gcinneadh, agus aird chuí á tabhairt go háirithe ar thromchúis na staide, an méid ama atá imithe thart ó thosaigh an t-iompar ábhartha, an fad a mhair an t-iompar agus a mhinice a tharla sé arís, an méid a bhí ar intinn, leibhéal an chomhoibrithe ón mBallstát lena mbaineann chun deireadh a chur le sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta, agus na héifeachtaí ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais.

(19) Tá sé bunriachtanach leasanna dlisteanacha faighteoirí agus tairbhithe deiridh a choimirciú go cuí nuair a dhéantar bearta a ghlacadh i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Agus breithniú á dhéanamh ar ghlacadh beart, ba cheart don Choimisiún an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh a chur san áireamh. Agus é á chur san áireamh go bhfuil íocaíochtaí bainistíochta roinnte ón gCoimisiún chuig na Ballstáit neamhspleách ó thaobh dlí de ar íocaíochtaí a dhéanann údaráis náisiúnta le tairbhithe, níor cheart a mheas go ndéanann bearta iomchuí arna nglacadh faoin Rialachán seo difear d'infhaighteacht an chistithe le haghaidh íocaíochtaí le tairbhithe de réir na spriocamanna íocaíochta a leagtar amach faoi na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme. Na cinntí a ghlactar faoin Rialachán seo agus na hoibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh a leagtar amach sa Rialachán seo is cuid iad de dhlí infheidhme an Aontais i ndáil le cistiú a chur chun feidhme i mbainistíocht roinnte. Ba cheart do na Ballstáit a mbaineann na bearta leo tuairisciú go rialta don Choimisiún maidir lena n-oibleagáidí i leith faighteoirí nó tairbhithe deiridh a bheith á gcomhlíonadh acu. Trí thuairisciú ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí íocaíochta i leith tairbhithe a leagtar amach sna rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann a fhíorú nach mbeidh tionchar ag cinntí a dhéanfar faoin Rialachán seo, ar aon bhealach, go díreach nó go hindíreach, ar na híocaíochtaí a bheidh le déanamh faoi na rialacha earnáilshonracha agus airgeadais is infheidhme.

Chun an chosaint a thugtar d'fhaighteoirí nó tairbhithe deiridh a threisiú, ba cheart don Choimisiún faisnéis agus treoir a sholáthar trí shuíomh gréasáin nó tairseach idirlín, chomh maith le huirlisí leormhaithe chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon sárú ar an oibleagáid dhlíthiúil atá ar eintitis rialtais agus ar na Ballstáit leanúint d'íocaíochtaí a dhéanamh tar éis glacadh bearta de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart don Choimisiún obair leantach a dhéanamh maidir leis an bhfaisnéis sin chun a fhíorú ar urramaíodh na rialacha is infheidhme, go háirithe [Airteagal 63, pointe (b) d'Airteagal 68(1) agus Airteagal 98] de Rialachán (AE) 2020/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1+]. I gcás inar gá, chun a áirithiú go n-íocfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, ba cheart don Choimisiún íocaíochtaí a rinneadh a aisghabháil, nó de réir mar is iomchuí, ceartú airgeadais a dhéanamh trí thacaíocht ón Aontais do chlár a laghdú i gcomhréir leis na rialacha earnáilsonracha agus airgeadais is infheidhme.

---

[1] Rialachán (AE) 2020/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí (IO L …, lch. …).

[+] IO: Cuir isteach le do thoil an uimhir sa téacs agus cuir uimhir agus dáta an Rialacháin atá i ndoicméad 2018/196(NLE) san fhonóta a ghabhann leis agus comhlánaigh an tagairt IO.

(20) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus i bhfianaise a thábhachtaí agus atá éifeachtaí airgeadais na mbeart arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle, ar cheart di gníomhú ar bhonn togra ón gCoimisiún.

(21) Sula molfaidh an Coimisiún go ndéanfaí aon bheart a ghlacadh de bhun an Rialacháin seo, ba cheart dó an Ballstát lena mbaineann a chur ar an eolas faoin gcúis a measann sé go bhféadfadh sé gurbh ann do sháruithe ar phrionsabail an smachta reachta sa Bhallstát sin. Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas gan mhoill maidir le haon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann. Ba cheart cead a bheith ag an mBallstát lena mbaineann a bharúlacha a chur isteach. Ba cheart don Choimisiún na barúlacha sin a chur san áireamh.

(22) Agus teorainneacha ama á socrú aige i gcomhréir leis an Rialachán seo don Bhallstát lena mbaineann, ba cheart don Choimisiún, go háirithe, an oiread faisnéise a cuireadh ar fáil agus a iarradh, castacht na bhfíoras ábhartha agus an mheasúnaithe a rinneadh orthu, a chur san áireamh, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann.

(23) I gcás ina measann an Coimisiún, tar éis dó anailís a dhéanamh ar bharúlacha an Bhallstáit lena mbaineann, go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le bearta a ghlacadh, ba cheart dó togra chun bearta iomchuí a ghlacadh a chur faoi bhráid na Comhairle. Ba cheart don Chomhairle gníomhú i leith an togra ón gCoimisiún chun bearta iomchuí a ghlacadh trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme laistigh de thréimhse aon mhí amháin, a bhféadfar, go heisceachtúil, síneadh nach mó ná dhá mhí bhreise a chur léi. D'fhonn a áirithiú go nglacfaidh an Chomhairle an cinneadh laistigh de na teorainneacha ama sin, ba cheart don Choimisiún an úsáid is iomchuí a bhaint as a chearta faoi Airteagal 237 CFAE agus Rialacha Nós Imeachta na Comhairle[1].

(24) Tar éis glacadh aon bheart de bhun an Rialacháin seo, ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh go rialta ar an staid sa Bhallstát lena mbaineann. Ba cheart don Choimisiún athmheasúnú a dhéanamh ar an staid nuair a ghlacfaidh an Ballstát lena mbaineann bearta feabhais nua, nó in aon chás bliain amháin ar a dhéanaí tar éis glacadh na mbeart.

(25) Ba cheart don Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, bearta ag a bhfuil éifeacht fionraíochta a bhaint, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimmisiún, más rud é go bhfuil an staid as ar eascair forchur na mbeart sin leigheasta go leordhóthanach.

---

[1] Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

(26) Maidir leis an nós imeachta lena nglacfar agus lena mbainfear na bearta, a cheart prionsabail na hoibiachtúlachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne i leith na mBallstát a urramú, agus ba cheart an nós imeachta a dhéanamh de réir cur chuige neamhpháirteach fianaisebhunaithe. Má mheasann an Ballstát lena mbaineann, go heisceachtúil, gurb ann do sháruithe tromchúiseacha ar na prionsabail sin, féadfaidh sé a iarraidh ar Uachtarán na Comhairle Eorpaí an t-ábhar a chur faoi bhráid na chéad Chomhairle Eorpaí eile. In imthosca eisceachtúla den sórt sin, níor cheart aon chinneadh a dhéanamh a bhaineann leis na bearta go dtí go mbeidh an t-ábhar pléite ag an gComhairle Eorpach. De ghnáth, ní thógfaidh an próiseas sin níos faide ná trí mhí ón tráth a mbeidh an Coimisiún tar éis a thogra a chur faoi bhráid na Comhairle.

(27) Ba cheart don Choimisiún Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas maidir le haon bhearta arna moladh, arna glacadh agus arna mbaint de bhun an Rialacháin seo.

(28) Ba cheart don Choimisiún tuairisciú chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Agus tuairisciú á dhéanamh aige do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ba cheart don Choimisiún breithniú a dhéanamh, de bhreis ar éifeachtacht na mbeart arna nglacadh ar éifeachtacht fhoriomlán an nóis imeachta a leagtar amach sa Rialachán seo agus ar chomhlántacht na hionstraime seo le cinn eile.

(29) Níor cheart go ndéanfadh an Rialachán seo difear d'inniúlacht OIPE ná d'oibleagáidí na mBallstát nach bhfuil rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe arna bhunú le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[1],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Bunaítear leis an Rialachán seo na rialacha atá riachtanach chun buiséad an Aontais a chosaint i gcás sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta sna Ballstáit.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) tagraíonn "an smacht reachta" do luach an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Áirítear leis prionsabail na dlíthiúlachta, lena dtugtar le tuiscint gurb ann do phróiseas reachtóireachta trédhearcach, cuntasach, daonlathach agus iolraíoch; prionsabal na deimhneachta dlíthiúla; prionsabal an toirmisc ar threallachas na gcumhachtaí feidhmiúcháin; cosaint éifeachtach bhreithiúnach, lena n-áirítear rochtain ar an gceartas, ag cúirteanna neamhspleácha neamhchlaonta, maidir le cearta bunúsacha freisin; prionsabal scaradh na gcumhachtaí; agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais faoin dlí. Tuigfear an smacht reachta ag féachaint do luachanna agus prionsabail eile an Aontais a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE.

(b) ciallaíonn "eintiteas rialtais" aon údarás poiblí ar aon leibhéal rialtais, lena n-áirítear údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, chomh maith le heagraíochtaí de chuid na mBallstát de réir bhrí phointe 42 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (an "Rialachán Airgeadais").

*Airteagal 3*

*Sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta*

Chun críocha an Rialacháin seo, féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ina léirithe táscacha ar sháruithe ar phrionsabail an smacht reachta:

(a) neamhspleáchas na breithiúnachta a chur i mbaol;

(b) mainneachtain cinntí treallacha nó neamhdhleathacha ag údaráis phoiblí, lena n-áirítear cinntí údarás forfheidhmithe dlí, a chosc, a cheartú nó a smachtbhannú, acmhainní airgeadais agus daonna a choinneáil siar a dhéanann difear dá bhfeidhmiú cuí nó mainneachtain a áirithiú nach bhfuil coinbhleachtaí leasa ann;

(c) teorainn a chur le hinfhaighteacht agus éifeachtacht leigheasanna dlí, lena n-áirítear trí rialacha nós imeachta sriantacha, agus easpa cur chun feidhme breithiúnas, nó teorainn a chur le himscrúdú, ionchúiseamh nó smachtbhannú éifeachtach ar sháruithe ar an dlí.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

*Airteagal 4*

*Coinníollacha maidir le bearta a ghlacadh*

1. Déanfar bearta iomchuí i gcás ina suitear i gcomhréir le hAirteagal 6 go ndéanann sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta i mBallstát difear – ar bhealach chomh díreach sin agus gur leor é le difear a dhéanamh, nó go bhfuil baol mór ann go ndéanfadh siad difear – do phrionsabail bhainistíochta fhónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

2. Chun críocha an Rialacháin seo, bainfidh sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta le ceann nó níos mó acu seo a leanas:

(a) feidhmiú cuí na n-údarás a chuireann buiséad an Aontais chun feidhme, lena n-áirítear iasachtaí agus ionstraimí eile arna ráthú ag buiséad an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí nó nósanna imeachta deontais;

(b) feidhmiú cuí na n-údarás a dhéanann rialú airgeadais, faireachán agus iniúchtaí, agus feidhmiú cuí córas éifeachtach trédhearcach bainistithe airgeadais agus cuntasachta;

(c) feidhmiú cuí seirbhísí imscrúdaithe agus ionchúisimh phoiblí i ndáil le calaois, lena n-áirítear calaois chánach, éilliú nó sáruithe eile ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

(d) athbhreithniú breithiúnach éifeachtach ag cúirteanna neamhspleácha ar ghníomhaíochtaí nó neamhghníomhartha na n-údarás dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus i bpointe (c);

(e) cosc ar chalaois, lena n-áirítear calaois chánach, éilliú nó sáruithe eile ar dhlí an Aontais a bhaineann le cur chun feidhme bhuiséad an Aontais nó le leasanna airgeadais an Aontais a chosaint a chosc agus a smachtbhannú, agus forchur pionós éifeachtach athchomhairleach ar fhaighteoirí ag cúirteanna náisiúnta nó ag údaráis riaracháin;

(f) gnóthú cistí a íocadh go mícheart;

(g) an comhar éifeachtach tráthúil le OLAF agus, faoi réir rannpháirtíocht an Bhallstáit lena mbaineann, le OIPE sna himscrúduithe nó ionchúisimh a dhéanann siad de bhun na ngníomartha ábhartha de chuid an Aontais, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis;

(h) staideanna nó iompar eile ag údaráis is ábhartha do bhainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais, nó do chosaint leasanna airgeadais an Aontais.

*Airteagal 5*

*Bearta chun buiséad an Aontais a chosaint*

1. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 4 den Rialachán seo, agus de réir, féadfar ceann amháin nó níos mó de na bearta iomchuí seo a leanas a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 den Rialachán seo:

(a) i gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach nó indíreach de bhun phointe (a) agus phointe (c) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais, agus i gcás inarb eintiteas rialtais an faighteoir:

(i) íocaíochtaí nó cur chun feidhme an ghealltanais dhlíthiúil a chur ar fionraí nó an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh de bhun Airteagal 131(3) den Rialachán Airgeadais;

(ii) toirmeasc ar ghealltanais dhlíthiúla nua a dhéanamh;

(iii) eisíocaíochtaí tráthchodanna, nó aisíoc luath iasachtaí a ráthaítear le buiséad an Aontais a chur ar fionraí ina n-iomláine nó i bpáirt;

(iv) an buntáiste eacnamaíoch faoi ionstraim arna ráthú le buiséad an Aontais a chur ar fionraí nó a laghdú;

(v) toirmeasc ar chomhaontuithe nua a dhéanamh maidir le hiasachtaí nó ionstraimí eile a ráthaítear le buiséad an Aontais;

(b) i gcás ina gcuireann an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme faoin mbainistíocht roinnte leis na Ballstáit de bhun phointe (b) d'Airteagal 62(1) den Rialachán Airgeadais:

(i) formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir a chur ar fionraí nó leasú a dheanamh ar an bhfionraí sin;

(ii) gealltanais a chur ar fionraí;

(iii) gealltanais a laghdú, lena n-áirítear trí cheartuithe airgeadais nó aistrithe chuig cláir chaiteachais eile;

(iv) réamh-mhaoiniú a laghdú;

(v) sprioc-amanna íocaíochtaí a bhriseadh;

(vi) íocaíochtaí a chur ar fionraí.

2. Mura bhforáiltear dá mhalairt sa chinneadh lena nglactar na bearta, ní dhéanfaidh forchur beart iomchuí difear d'oibleagáidí na n-eintiteas rialtais dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 ná d'oibleagáidí Ballstát dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 1 an clár nó an ciste dá ndéanann an beart difear a chur chun feidhme, agus go háirithe a n-oibleagáidí i leith na bhfaighteoirí nó na dtairbhithe deiridh, lena n-áirítear an oibleagáid atá orthu íocaíochtaí a dhéanamh faoin Rialachán seo agus faoi na rialacha earnáilsonracha nó airgeadais is infheidhme. Agus cistí de chuid an Aontais faoi bhainistíocht roinnte á gcur chun feidhme acu, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann bearta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo tuarascáil a chur chuig an gCoimisiún ar a mhéid a chomhlíonann siad na hoibleagáidí sin gach trí mhí ó ghlacadh na mbeart sin.

Fíoróidh an Coimisiún ar comhlíonadh an dlí is infheidhme agus, i gcás inar gá, déanfaidh sé na bearta iomchuí uile chun buiséad an Aontais a chosaint, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha agus airgeadais.

3. Beidh na bearta a dhéanfar comhréireach. Cinnfear iad i bhfianaise thionchair iarbhír nó fhéideartha na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta ar bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó ar leasanna airgeadais an Aontais. Tabharfar aird chuí ar chineál, fad, tromchúis agus raon feidhme na sáruithe ar phrionsabail an smachta reachta. Díreofar na bearta, a mhéid is féidir, ar na gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a ndearna na sáruithe difear dóibh.

4. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis agus treoir a chur ar fáil chun leas faighteoirí nó tairbhithe deiridh maidir leis na hoibleagáidí atá ar na Ballstáit dá dtagraítear i mír 2 trí shuíomh gréasáin nó tairseach idirlín. Cuirfidh an Coimisiún uirlisí leormhaithe ar fáil freisin, ar an suíomh gréasáin nó an tairseach idirlín céanna, d'fhaighteoirí agus tairbhithe deiridh chun an Coimisiún a chur ar an eolas maidir le haon sárú ar na hoibleagáidí sin a dhéanfaidh difear do na faighteoirí nó tairbhithe deiridh sin, dar leo. Cuirfear an mhír seo i bhfeidhm ar bhealach lena n-áirithítear cosaint na ndaoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i dTreoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1]. Ag gabhail leis an bhfaisnéis a sholáthróidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh i gcomhréir leis an mír seo beidh cruthúnas go ndearna an faighteoir nó tairbhí deiridh lena mbaineann gearán foirmiúil a thaisceadh le húdarás ábhartha an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Ar bhonn na faisnéise a chuirfidh na faighteoirí nó tairbhithe deiridh ar fáil i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall chun a áirithiú go ndéanfar aon mhéid atá dlite ag eintitis rialtais nó ag Ballstáit, faoi mar a thagraítear dó i mír 2 den Airteagal seo a íoc go héifeachtach le faighteoirí nó tairbhithe deiridh, i gcomhréir le [ hAirteagal 63, pointe (b), le hAirteagal 68(1) agus le hAirteagal 98] de Rialachán (AE) 2020/...[+] go háirithe.

---

1 Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2009, lch. 17).

+ IO: Cuir isteach, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in doiciméad 2018/0096 (COD).

*Airteagal 6*

*An nós imeachta*

1. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún go bhfuil forais réasúnacha aige lena mheas gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4 agus mura mbreithneoidh sé go gceadófaí leis na nósanna imeachta eile a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais buiséad an Aontais a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí, seolfaidh sé fógra i scríbhinn chuig an mBallstát lena mbaineann, ina leagfar amach na heilimintí fíorasacha agus na forais shonracha ar ar bhunaigh sé a thorthaí. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill faoi aon fhógra den sórt sin agus faoina bhfuil ann.

2. I bhfianaise na faisnéise a gheofar de bhun mhír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Choimisiún chuig dialóg struchtúrtha maidir lena thorthaí.

3. Agus measúnú á dhéanamh aige cibé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4, déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ó na foinsí a chur san áireamh, lena n-áirítear cinntí, conclúidí agus moltaí ó institiúidí an Aontais agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile agus ó institiúidí aitheanta eile.

4. Féadfaidh an Coimisiún aon fhaisnéis bhreise a iarraidh atá de dhíth air chun an measúnú dá dtagraítear i mír 3 a dhéanamh, sara ndéanfaidh sé an fógra i scríbhinn a sheoladh de bhun mhír 1 agus dá éis.

5. Soláthróidh an Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis atá de dhíth agus féadfaidh sé barúlacha a thabhairt maidir leis na torthaí a leagtar amach san fhógra dá dtagraítear i mír 1 laistigh de theorainn ama a bheidh le sonrú ag an gCoimisiún, teorainn arb í a bheidh inti mí amháin ar a laghad agus nach faide í ná 3 mhí ón dáta a dtabharfar fógra faoi na torthaí. Sna barúlacha a thabharfaidh sé uaidh, féadfaidh an Ballstát a mholadh go nglacfaí bearta feabhais chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí a leagtar amach san fhógra ón gCoimisiún.

6. Agus cinneadh á dhéanamh aige cibé acu a thíolacfaidh nó nach dtíolacfaidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí, cuirfidh an Coimisiún san áireamh an fhaisnéis a gheobhaidh sé agus aon bharúlacha a dhéanfaidh an Ballstát lena mbaineann, chomh maith le leordhóthanacht aon bheart feabhais a mholtar. Déanfaidh an Coimisiún a mheasúnú laistigh de theorainn ama tháscach aon mhí amháin ón tráth a bhfaighfear aon fhaisnéis nó a bharúlacha ón mBallstát lena mbaineann, nó, nuair nach bhfaightear aon fhaisnéis nó aon bharúlacha, ón tráth a rachaidh an teorainn ama arna socrú i gcomhréir le mír 5 in éag, agus in aon chás laistigh de theorainn réasúnach ama.

7. I gcás ina mbeartóidh an Coimisiún togra a dhéanamh de bhun mhír 9, sara ndéanfaidh sé amhlaidh, tabharfaidh sé deis don Bhallstát a bharúlacha a thíolacadh, go háirithe ar chomhréireacht na mbeart atá á mbeartú, laistigh de mhí amháin.

8. Agus measúnú á dhéanamh aige ar chomhréireacht na mbeart a bheidh le forchur, tabharfaidh an Coimisiún aird chuí ar an bhfaisnéis agus an treoir dá dtagraítear i mír 3.

9. I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh agus nach dtabharfaidh na bearta feabhais atá molta ag an mBallstát faoi mhír 5, más ann dóibh, aghaidh go leordhóthanach ar na torthaí atá san fhógra ón gCoimisiún, cuirfidh sé togra le haghaidh cinneadh cur chun feidhme maidir leis na bearta iomchuí faoi bhráid na Comhairle laistigh de mhí amháin tar éis barúlacha an Bhallstáit a fháil nó, i gcás nach gcuirtear aon bharúlacha in iúl, gan aon mhoill mhíchuí, i gcás nach bhfaighfear aon bharúlacha, agus in aon chás laistigh de mhí amháin ón teorainn ama arna leagan síos i mír 7. Leagfar amach sa togra na forais shonracha agus an fhianaise shonrach ar ar bhunaigh an Coimisiún a thorthaí.

10. Glacfaidh an Chomhairle an cinneadh cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo laistigh de mhí amháin tar éis di an togra ón gCoimisiún a fháil. I gcás ina n-eascróidh imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh nach mó ná dhá mhí a chur leis an tréimhse faoi nach mór an cinneadh cur chun feidhme sin a ghlacadh. D'fhonn cinneadh tráthúil a áirithiú, bainfidh an Coimisiún úsáid as na cearta atá aige faoi Airteagal 237 CFAE, i gcás ina measfaidh sé gurb iomchuí sin.

11. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, togra an Choimisiún a leasú agus an téacs leasaithe a ghlacadh tri bhithín chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle.

*Airteagal 7*

*Bearta a bhaint*

1. Féadfaidh an Ballstát lena mbaineann, tráth ar bith, bearta nua feabhais a ghlacadh agus fógra i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choimisiúin ina gcuimseofar fianaise lena thaispeáint nach bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh níos mó.

2. Arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, nó ar a thionscnamh féin agus ar a dhéanaí bliain amháin tar éis don Chomhairle bearta a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar an staid sa Bhallstát lena mbaineann agus aird aige ar an bhfianaise a thíolaic an Ballstát lena mbaineann agus, ina theannta sin, ar leordhóthanacht aon bheart nua feabhais arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann.

   I gcás ina measfaidh an Coimisiún nach bhfuil na coinníollacha atá in Airteagal 4 á gcomhlíonadh a thuilleadh, cuirfidh sé togra maidir le cinneadh cur chun feidhme lena ndéantar na bearta a glacadh a bhaint faoi bhráid na Comhairle.

   I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil an staid ba shiocair le glacadh na mbeart leigheasta i bpáirt, cuirfidh sé faoi bhráid na Comhairle togra maidir le cinneadh cur chun feidhme lena ndéantar na bearta a glacadh a oiriúnú.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún nár leigheasadh an staid ba shiocair le glacadh na mbeart, cuirfidh sé faoi bhráid an Bhallstáit lena mbaineann cinneadh réasúnaithe agus cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas ina leith.

Nuair a thíolacfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra i scríbhinn de bhun mhír 1, tíolacfaidh an Coimisiún a thogra nó glacfaidh sé a chinneadh laistigh de mhí amháin ón tráth a bhfaighidh sé an fógra sin. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin in imthosca lena bhfuil údar cuí, agus sa chás sin cuirfidh an Coimisiún na cúiseanna atá leis an síneadh in iúl don Bhallstát lena mbaineann gan mhoill.

Beidh feidhm de réir analaí ag an nós imeachta a leagtar amach i míreanna 3, 4, 5, 6, 9, 10 agus 11 d'Airteagal 6, de réir mar is iomchuí.

3. I gcás ina mbainfear bearta a bhaineann le formheas ceann amháin nó níos mó de na cláir dá dtagraítear i bpointe (i) d'Airteagal 5(1)(b) a chur ar fionraí nó le leasuithe ar an bhfionraí sin nó a bhaineann le fionraí gealltanas dá dtagraítear i bpointe (ii) d'Airteagal 5(1)(b), iontrálfar méideanna a fhreagraíonn do na gealltanais a cuireadh ar fionraí i mbuiséad an Aontais faoi réir [Airteagal 5] de Rialachán (AE, Euratom) 2020/... ón gComhairle[1+]. Ní fhéadfar gealltanais bhliain n a cuireadh ar fionraí a iontráil sa bhuiséad tar éis bhliain n+2.

---

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/… ón gComhairle an … lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L …)

[+] IO: Cuir isteach le do thoil uimhir an Rialacháin atá in doicméad 2018/0166 sa téacs agus cuir an uimhir agus an data san fhonóta agus comhlánaigh an tagairt IO.

*Airteagal 8*

*Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas*

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach faoi aon bhearta arna moladh, arna nglacadh, nó arna mbaint de bhun Airteagal 5, 6, agus 7.

*Airteagal 9*

*Tuairisciú*

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin … [trí bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, go háirithe ar éifeachtúlacht na mbeart arna nglacadh.

*Airteagal 10*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |